

AN MÉADAÍONN TEIRIPE ATHSHOLÁTHAIR HORMÓN AN RIOSCA GO dTIOCFÁIDH AILSE ORM?



Is féidir le teiripe athsholáthair hormón a bheith ina chóireáil éifeachtach do chomharthaí an mheanapáis, ach is féidir léi an riosca go dtiocfaidh ailsí cíche, inmheitriam agus ubhagáin ort a mhéadú. Dá fhaide a úsáidtear teiripe athsholáthair hormón is ea is mó an riosca méadaithe seo.

Cad is féidir liom a dhéanamh?



Méadaíonn teiripe athsholáthair hormón an riosca a bhaineann le hailsí áirithe. Cuir teorainn leis an úsáid a bhaineann tú as teiripe athsholáthair hormón.



Más féidir, ba cheart duit úsáid teiripe athsholáthair hormón a sheachaint nó teorainn a chur léi. Má chuirtear tús le teiripe athsholáthair hormón, ba chóir an chóireáil a ghlacadh ar feadh na tréimhse ama is giorra agus ag an dáileog is ísle agus is féidir chun comharthaí an mheanapáis a rialú.

Leideanna chun beart a dhéanamh

1

Foghlaim tuilleadh faoi theiripe athsholáthair hormón agus faoi na buntáistí agus na díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi.

2

Pléigh an rogha is fearr atá ar fáil chun comharthaí an mheanapáis a chóireáil le gairmithe cúraim sláinte.

3

Foghlaim faoi chóireálacha malartacha le haghaidh teiripe athsholáthair hormón.

4

Déan cinneadh eolach faoi do chóireáil.

5

Roinn do thaithí ar mheanapás le mná eile. Cuidíonn sé seo leis an ngeis a shárú agus lena mheabhrú duit nach bhfuil tú i d'aonar.

Seo ceann amháin de na 12 mholadh atá bunaithe ar fhianaise sa Chód Eorpach in aghaidh na hAilse. Chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar: cancer-code-europe.iarc.fr/index.php/en/ecac-12-ways



D'fhorbair Foundation for the Promotion of Health and Biomedical Research of the Valencian Community an bhileog eolais seo laistigh den tionscadal BUMPER. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal, is féidir leat cuairt a thabhairt ar bumper.cancer.eu



Maoinithe ag an Aontas Eorpach. Is barúlacha agus tuairimí an údair/na n-údar amháin iad na barúlacha agus na tuairimí a chuirtear in iúl, áfach, agus ní gá go léireodh siad barúlacha agus tuairimí an Aontais Eorpaigh nó HaDEA. Ní féidir an tAontas Eorpach ná an t-údarás deonúcháin a bheith freagrach astu.

Ábhar bunaithe ar an 4ú heagrán den Chód Eorpach in aghaidh na hAilse. An nuashonrú is déanaí Deireadh Fómhair 2024.

